LOCH GARMAN GNÍOMHACH TRÍ SPÓRT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025



LOCH GARMAN GNÍOMHACH TRÍ SPÓIRT
SPORTS ACTIVE WEXFORD
SPÓRT ÉIREANN





# FÁILTE
## GO DTÍ ÁR DTUARASCÁIL BHLIANTÚIL DO 2025

Sa bhliain 2025, lean Loch Garman Gníomhach trí Spórt de ról ceannasach a ghlacadh ó thaobh spórt agus aclaíocht a chur chun cinn ar fud Chontae Loch Garman trí obair chomhordaithe a dhéanamh le pobail, clubanna, scoileanna, seirbhísí poiblí agus eagraíochtaí comhpháirtíochta. Bhí seachadadh i rith na bliana faoi threoir ag trí théama straitéiseacha — Pobail a Chumhachtú, an tIonchuimsiú a Chumasú agus Ag Tacú leis an Earnáil Spóirt — le béim shoiléir ar rannpháirtíocht a dhéanamh níos inrochtana, níos ionchuimsithí agus níos inbhuanaithe. Ní hamháin gur dearadh na cláir a seachadadh ar fud an chontae chun rannpháirtíocht a mhéadú, ach chun muinín, nós agus nasc sóisialta a chothú freisin i measc daoine ar lú an aclaíocht a dhéanann siad nó a mbíonn bacainní breise ar rannpháirtíocht rompu. Bhí tionscnaimh a bhí spriocdhírithe ar mhná agus cailíní, daoine níos sine, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu, daoine óga agus daoine aonair i suíomhanna faoi mhíbhuntáiste nó atá eisiata go sóisialta mar léiriú ar ár dtiomantas praiticiúil i leith an chomhionannais, na comhpháirtíochta agus tionchar pobail fadtéarmach. Lean Loch Garman Gníomhach trí Spórt de bheith ag infheistiú sna daoine agus sna heagraíochtaí atá mar bhonn agus mar thaca faoin rannpháirtíocht áitiúil, lena n-áirítear oibrithe deonacha, cóitseálaithe, múinteoirí, clubanna agus ceannairí pobail. Trí oiliúint chumhdaigh, forbairt ghairmiúil leanúnach, tacaíochtaí deontais spriocdhírithe agus seachadadh comhoibritheach clár, chabhraigh an eagraíocht chun acmhainn áitiúil a neartú agus timpeallachtaí sábháilte, fáilteacha agus ionchuimsitheacha á gcur chun cinn don uile rannpháirtí an tráth céanna.

# ÁR GCOISTE STIÚRTHA

Tá Coiste Stiúrtha Loch Garman Gníomhach trí Spórt comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na ngníomhaireachtaí a mheastar a bheith ina dtionchairí ríthábhachtacha i rannpháirtíocht agus forbairt spóirt áitiúil lena n-áirítear an tÚdarás Áitiúil agus Grúpaí Pobail sa Chontae. Feidhmíonn an Coiste Stiúrtha mar urlabhraí chun léiriú a dhéanamh ar thuairimí gníomhaireachtaí agus grúpaí áitiúla ábhartha, agus socraítear a thosaíochtaí i gcomhar lena chomh-chomhaltaí. Leagann an Coiste Stiúrtha amach tosaíochtaí straitéiseacha freisin i dtaca le saothar na Comhpháirtíochta Spóirt.

Tá Loch Garman Gníomhach Trí Spórt comhlíontach leis an gcód Rialachais don Spórt mar eagraíocht de Chineál B.

| AINM | POST | IONADAÍOCHT |
|---|---|---|
| An Clr Garry Laffan | Comhairle | Contae Loch Garman |
| An tUas. Trevor Jacob | | Míchumas (Reach Ability) |
| An tUas. Colin Gibbon | Comhalta | Ionad Oideachais agus Oiliúna Faoin Aer BOOPLLG |
| Marie Louise Byrne, Uasal | Comhalta | Forbairt Áitiúil Loch Garman |
| Lisa Nangle | Comhalta | Sláinte agus Folláine FSS |
| Dymphna O'Connor | Comhalta | Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Chomhairle Contae Loch Garman |
| An Dr. Cíara Losty | Comhalta | Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt |
| Helen Ambrose | Comhalta | Seirbhísí Meabhairshláinte Loch Garman |
| John Paul O'Neill | Comhalta | Seirbhísí don Aos Óg (FDYS) |
| Marion Breen | Comhalta | LRP Loch Garman |



# ÁR BHFOIREANN



**FRAN RONAN**
Ceann na Comhpháirtíochta Áitiúla



**WILL DOYLE**
Bainisteoir an Chláir Spóirt



**ANNA FLYNN**
an tOifigeach um Nuálaíocht Shóisialta sa Spórt ESF+



**NICOLA COLLINS**
an tOifigeach Sinsearach um Forbairt Spóirt



**BEN HUNT**
an tOifigeach um Ghníomhaíocht Fhisiciúil don tSláinte



**MARY T KEHOE**
Riarthóir



**BRIDGET KENNY**
an tOifigeach Cumarsáide



**ALINA ANDREI**
Comhordaitheoir Mhol Ros Mhic Thriúin

Fostaímid 10 dteagascóir le haghaidh seachadadh clár éagsúil.

Oibríonn Loch Garman Gníomhach trí Spórt taobh lena 16 chomhpháirtíocht idirghníomhaireachta pobail agus spóirt (lena n-áirítear comhpháirtíocht Chomhairle Chontae Loch Garman le CLG Loch Garman, Rugbaí Laighean agus Cumann Peile na hÉireann).

**BA MHAITH LINN BUÍOCHAS A GHABHÁIL LEIS AN UILE DHUINE AS AN TACAÍOCHT LEANÚNACH.**



# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Le clár oibre 2025, léiríodh scála for-rochtana Loch Garman Gníomhach trí Spórt agus luach na gníomhaíochta áitiúla comhordaithe chun tacú le stíleanna maireachtála gníomhacha ar fud Chontae Loch Garman. Leis an seachadadh le linn na bliana, comhcheanglaíodh an rannpháirtíocht leathan pobail, bearta spriocdhírithe ionchuimsithe, agus forbairt earnála, le tionscnaimh a ceapadh chun freagairt do riachtanais áitiúla agus acmhainn fhadtéarmach a neartú ag an am céanna. Faoin téama Pobail a Chumhachtú, bhí tionscnaimh ar nós AdventurHER, rothaíochtaí Botháin Ban, Ón Tolg go 3k in Inis Córthaidh, cláir Daoine Fásta Gníomhacha i leabharlanna, Ceannairí Clóis Súgartha, Oiliúint Múinteoirí i dtaobh Rothair Chothromaíochta, ShuttleTime agus Páistí Maratóin ina gcúnamh chun an ghníomhaíocht fhisiciúil a leabú i ngnáthshaol an phobail agus na scoile ar fud an chontae.



Faoin téama an tIonchuimsiú a Chumasú, thacaigh deiseanna spriocdhírithe oiriúnaithe le grúpaí a d'fhéadfadh sé go ndéanfaí iad a eisiamh ón rannpháirtíocht phríomhshrutha murach sin, lena n-áirítear daoine fásta níos sine, daoine a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu, daoine faoi mhíchumas, daoine óga LADTAI+, mná in ionaid IPAS, agus rannpháirtithe atá ceangailte le seirbhísí meabhairshláinte agus tacaíochta pobail. Le cláir ar nós Láidir agus Cobhsaí, Breathe Well, Aeróbaic Uisce don Phian Ainsealach agus don Airtríteas, snámh ionchuimsitheach, yoga ionchuimsitheach, cicdhornálaíocht ionchuimsitheach, seisiúin féinchosanta, agus Sport 4 Empowerment, léiríodh tiomantas láidir do rannpháirtíocht fhreagrúil a raibh tacaíocht aici.

Leis an téama Ag Tacú leis an Earnáil Spóirt, neartaíodh acmhainn clubanna, scoileanna, oibrithe deonacha, agus foirne chun deiseanna sábháilte ionchuimsitheacha ardchaighdeáin a sholáthar i suíomhanna áitiúla. Bhí níos mó ná 180 rannpháirtí ann a chuir oiliúint Chumhdach Leanaí 1 agus 2 i gcrích le linn na bliana, agus ghlac baill foirne agus oibrithe deonacha páirt i raon leathan deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí freisin, lena n-áirítear ceannaireacht na mban sa spórt, oiliúint sláinte d'fhir, garchabhair, oiliúint ar ghníomhaíochtaí luaileacha, oiliúint rochtana néaraidhearbhaitheach, agus comhdhálacha earnála.



# PRÍOMHÉACHTAÍ IN 2025

Seachadadh 2,689 imeacht agus clár san iomlán le linn 2025, rud a léiríonn punann leathan ionchuimsitheach deiseanna ar fud an chontae, lena n-áirítear cláir chomh-mhaoinithe le Rugbaí Laighean, an FAI, CLG Loch Garman agus Cruicéad Laighean.

- Bhí teagmháil ag Loch Garman Gníomhach trí Spórt le 71,560 rannpháirtí le linn na bliana, arbh é a bhí iontu sin 51,481 duine fásta agus 20,079 duine óg.

- Bhí seachadadh ar fud na réimsí clár mar thaca le deiseanna rannpháirtíochta inrochtana, forbairt lúthchleasaithe óga, conairí rannpháirtíochta do dhaoine fásta, agus rannpháirtíocht níos leithne sa spórt pobail.

Ar na buaicphointí breise a bhí i gceist le linn na bliana, áiríodh na 737 cailín sna déaga a ghlac páirt i seó bóthair Lonraithe sa Dorchadas le Her Moves i gcúig mheánscoil, breis agus 180 rannpháirtí a chuir oiliúint Chumhdach Leanaí 1 agus 2 i gcrích, agus seachadadh na gclár iomadúla 6–12 seachtaine do dhaoine fásta níos sine agus do dhaoine a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu. Neartaíodh comhpháirtíochtaí straitéiseacha freisin le heagraíochtaí lena n-áirítear FSS, Foras Croí na hÉireann, Meabhairshláinte Éireann, Litearthacht Aosach don Saol, Trí-atlan Éireann, Leadóg Bhoird Éireann, agus Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann.



In éineacht leis an mbaint láidir seo leis na cláir, thuairiscigh an eagraíocht ioncam iomlán de €582,705.65 agus caiteachas iomlán de €537,012.18, agus mar thoradh air sin bhí glanseasamh oibriúcháin dearfach de €45,693.47 i gceist don bhliain.

# FORLÉARGAS AIRGEADAIS

| ACHOIMRE AIRGEADAIS BHLIANTÚIL | |
|---|---|
| Catagóire | Méid |
| Ioncam Iomláne | €582,705.65 |
| Caiteachas Iomlán | €537,012.18 |
| Glanseasamh oibriúcháin | €45,693.47 |

| TACAÍOCHTAÍ DEONTAIS | | |
|---|---|---|
| | Líon na nGrúpaí/ gClubanna ar Tacaíodh Leo | Méid an Deontais |
| Deontas um Rannpháirtíocht i nGníomhaíocht Fhisiciúil | 81 | €31,357 |
| Deontais Tacaíochta d'Oibrithe Deonacha | 13 | €6,895 |

| CISTIÚCHÁN NA GCUNTAS DÍOMHAOIN | |
|---|---|
| Mol Gníomhaíochta Pobail Ros Mhic Thriúin | €33,000 |
| Tacaíochtaí agus Ceannaireacht Oibrithe Deonacha | €20,000 |
| Her Moves | €6,000 |
| Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú | €29,750 |
| Iomlán | €88,750 |

**DEONTAIS A TUGADH DO CHLUBANNA & GRÚPAÍ POBAIL**

Tacaíochtaí Deontais do Chlubanna & Grúpaí Pobail

**€31,357**





# TACAÍOCHTAÍ DEONTAIS AGUS CISTIÚCHÁN SPRIOCDHÍRITHE

Lean tacaíocht deontais de bheith ina comhpháirt shuntasach de ghníomhaíocht forbartha áitiúla le linn na bliana 2025. Tríd an scéim Deontais um Rannpháirtíocht i nGníomhaíocht Fhisiciúil, fuair 81 grúpa agus club €31,357 san iomlán, agus cuireadh €6,895 ar fáil do 13 ghrúpa trí Dheontais Tacaíochta d'Oibrithe Deonacha. Ina theannta sin, bhí Cistiúchán na gCuntas Díomhaoin de €88,750 mar thaca le tionscnaimh spriocdhírithe lena n-áirítear Mol Gníomhaíochta Pobail Ros Mhic Thriúin, tacaíochtaí d'oibrithe deonacha agus ceannaireacht, Her Moves, agus gníomhartha comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe.

# NA MEÁIN SHÓISIALTA AGUS CÚRSAÍ CUMARSÁIDE

| NA MEÁIN SHÓISIALTA | |
|---|---|
| Facebook: Líon na bpostálacha in 2025 | 318 |
| Facebook: Líon na Leantóirí* | 6972 |
| X: Líon na bpostálacha in 2025 | 319 |
| X: Líon na Leantóirí* | 163 |
| Instagram Líon na bpostálacha in 2025 | 238 |
| Instagram Líon na Leantóirí* | 1944 |

*Amhail an 31/12/2025

**NUACHTLITIR**

Forbraítear nuachtlitir dhigiteach go míosúil.

**697 duine**

cláraithe leis an liosta seoltaí*



# CÁS-STAIDÉAR:
# SEÓ BÓTHAIR LONRAITHE SA DORCHADAS LE HER MOVES

## Forléargas

Reáchtáladh Seó Bóthair Aclaíochta Lonraithe sa Dorchadas Her Moves mar cheiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta an Chailín agus bhí sé dírithe ar chailíní sna déaga, go háirithe cailíní nach nglacann páirt sa spórt nó i ngníomhaíocht fhisiciúil faoi láthair.  Áiríodh leis seo cailíní ó ghrúpaí a ndéantar imeallú orthu. Tríd an tuarascáil taighde Girls Get Active a rinne Spórt Éireann, tá sonraí suntasacha ag Éirinn a leagann béim ar na rátaí laghdaitheacha aclaíochta i measc cailíní sna déaga. Tugtar le fios leis an bhfianaise go dtagann laghdú suntasach ar rannpháirtíocht le linn bhlianta na hógántachta i gcás cailíní go háirithe, agus gan ach 7% den aoisghrúpa 14-15 bliana agus 5% den aoisghrúpa 16-20 bliain ag comhlíonadh na dtreoirlínte aclaíochta a mholtar dóibh (Tuarascáil Girls Get Active, 2021). Is mian le Loch Garman Gníomhach trí Spórt tacú le fás ar leibhéil aclaíochta i measc cailíní sna déaga i gContae Loch Garman.

## Aidhmeanna

Ba é sprioc an tionscadail bealaí nua spreagúla a thaispeáint inar féidir le cailíní páirt a ghlacadh in aclaíocht agus sa spórt i dtimpeallacht shóisialta neamhiomaíoch. Agus tagairt á déanamh do 8 bprionsabal ratha Her Moves chun cailíní a choinneáil rannpháirteach san aclaíocht, bhí sé mar aidhm ag Loch Garman Gníomhach trí Spórt spás sábháilte a sholáthar, nach mbeadh aon bhreithiúnas i gceist leis, chun cabhrú leo pléisiúr a bhaint as an spórt agus caitheamh aimsire agus spéiseanna nua a chur os comhair a súile dóibh. Bhí sé mar aidhm ag Loch Garman Gníomhach trí Spórt freisin tacú leo chun a n-íomhá dá bhfuil i gceist le 'duine spórtúil' a leathnú sa chomhthéacs seo agus tacú le cailíní óga a bheith níos gníomhaí níos minice. Ba phríomhchuid den tionscnamh seo é chomh maith tacú leis na córais oideachais i Loch Garman maidir le cailíní sna déaga a mhealladh chuig seisiúin aclaíochta/spóirt ina scoil trí fheasacht a mhéadú ar Thionscnamh Her Moves agus ar na 8 dtreoirphrionsabal. Trí 8 bPrionsabal Ratha Her Moves a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa Tuarascáil Taighde Girls Get Active, is é an uaillmhian fhoriomlán ná go leanfaidh níos mó cailíní sna déaga de pháirt a ghlacadh san aclaíocht tar éis an chláir.









## Cur i bhFeidhm

Mar cheiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta an Chailín an 11 Deireadh Fómhair, reáchtáladh an seó bóthair seo ar feadh tréimhse coicíse ón 6 Deireadh Fómhair go dtí an 17 Deireadh Fómhair i gcúig mheánscoil i gContae Loch Garman a d'fhreagair ár ríomhphost tosaigh ag lorg léirithe spéise. D'oibrigh Loch Garman Gníomhach trí Spórt le teagascóirí agus le comhlachtaí neamhrialtasacha chun lá iomlán gníomhaíochtaí a sheachadadh do na scoileanna a roghnaíodh. Cláraigh na cailíní tríd a gcuid scoileanna don imeachtaí saor in aisce seo. Faoi threoir na n-ocht prionsabal, baineadh leas as soilse UV chun éifeacht lonraithe sa dorchadas a chruthú. Bhí na cailíní gléasta in éadaí a bhí ag lonrú sa dorchadas, agus bhí fáil acu ar phéint aghaidhe lonrach agus ar bhibí, ceannbhanda agus rostbhandaí fluaraiseacha. Rinne scoileanna sceidil agus rinneadh thart ar 5/6 sheisiún in aon lá amháin le suas le 30 cailín i ngach seisiún. I measc na ngníomhaíochtaí bhí damhsa, sacar, eitpheil, na healaíona comhraic & leadóg bhoird agus ba i dtimpeallacht neamhiomaíoch spraíúil a rinneadh iad.

## Aiseolas

*"Go raibh maith agaibh arís as an seó bóthair Her Moves a thabhairt chuig Pobalscoil na Gráinsí. Bhí an-lá go deo againn, agus tá cluaisíní croí ar na cailíní fós mar gheall air.  Tá na pictiúir agus na físeáin go hiontach ar fad, buíochas mór le Bridget as meon an lá a chur in iúl ar bhealach chomh maith sin" — Múinteoir*

Fuarthas aiseolas ó roinnt mhaith múinteoirí a leag béim air go raibh daltaí ann a bhain an-taitneamh as na seisiúin nach nglacann páirt sa spórt/san aclaíoch go hiondúil. I scoil amháin, bhí triúr daltaí ann nach nglacann páirt in aon spórt ar scoil faoi láthair a d'iarr cead ar mhúinteoirí filleadh le haghaidh an dara seisiún san iarnóin le rang eile.

## Aiseolas

Creideann Loch Garman Gníomhach trí Spórt gur baineadh amach aidhmeanna an chláir seo. Is éacht iontach é don chomhpháirtíocht spóirt gur ghlac níos mó ná 700 cailín sna déaga páirt i dtionscnamh aclaíochta.




LOCH GAR
GNÍOMHA
SPORTS AC
WEXFORD




# CONCLÚID

Tríd is tríd, ba bhliain í 2025 a raibh seachadadh láidir, comhpháirtíocht fhiúntach agus forbairt eagraíochtúil leanúnach do Loch Garman Gníomhach trí Spórt i gceist léi. Trí mheascán de chláir chuimsitheacha, rannpháirtíocht pobail, forbairt an luchta saothair agus infheistíocht spriocdhírithe, lean an eagraíocht de dheiseanna rannpháirtíochta a leathnú agus na struchtúir áitiúla a thacaíonn le spórt agus le haclaíocht ar fud Chontae Loch Garman á neartú ag an am céanna. Tá gnóthachtálacha na bliana ina mbonn daingean don dul chun cinn marthanach agus do thionchar breise in 2026.

Ba mhaith le Loch Garman Gníomhach trí Spórt aitheantas foirmiúil a thabhairt do dhúthracht agus do thiomantas fhoireann na Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt, a raibh a gcuid oibre i rith na bliana lárnach do sheachadadh clár agus tacaíochtaí ar fud an chontae. Gabhann an eagraíocht buíochas ó chroí freisin lena pháirtithe leasmhara, lena comhpháirtithe pobail agus lena comhlachtaí maoinithe as a gcomhoibriú leanúnach agus as a dtacaíocht luachmhar chun cabhrú le háit níos gníomhaí, níos ionchuimsithí agus níos sláintiúla le cónaí ann a dhéanamh de Chontae Loch Garman.


#FINDYOUROUTDOORS



LOCH GARMAN
GNÍOMHACH TRÍ SPÓIRT
SPORTS ACTIVE
WEXFORD
SPÓRT ÉIREANN